Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 do thuarastail agus do chostais An Phríomh-Oifig Staidrimh (POS).

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €3.86 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás:

***Dímheas***

Rinneadh sócmhainní a úsáideadh i rith Dhaonáireamh 2016 a dímheas thar thréimhse dhá bhliain (2016-2017).

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith na Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Tá mé ag brath orthu siúd agus ar litir dhearbhaithe a fuarthas ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Sheirbhísí Chomhroinnte go bhfuil na rialaithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithe cuí
- tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, go bhfuil:

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta á dhéanamh ag lucht bainistithe sinsearach ar thuarascáil airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus go gcloítear le disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Dearbhaím comhlíonadh na hOifige le linn 2017 leis na nósanna imeachta seo ach amháin i gcás caiteachas ar luach €261,954 maidir le sé chonradh a thar-rolladh ionas go gcríochnófaí próisis tairisceana. Bhain ceithre chonradh le teileachumarsáid, bhain conradh amháin le seirbhísí glantacháin agus bhain conradh amháin le seirbhísí lónadóireachta. Tá sé beartaithe próiseas tairisceana úr a chur ar bun do gach ceann de na seirbhísí seo le linn 2018.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar athbreithniú ar an fheidhm inmheánach iniúchta ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomh rioscaí atá os comhair na hOifige agus aithnítear, meastar agus grádaítear iad de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Usáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus leagann sé cúram feidhmiú rialaithe ar bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí rialaithe inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d’fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Pádraig Daltún**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

28 Marta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Phríomh-Oifig Staidrimh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Lúnasa 2018

# Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh
## Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Seachadadh an chlár staidrimh bhliantúil | 49,972 | 46,269 | 76,557 |
| | **Ollchaiteachas** | **49,972** | **46,269** | **76,557** |
| | *Lúide* | | | |
| **B** | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,388** | **1,542** | **1,442** |
| | **Glanchaiteachas** | **48,584** | **44,727** | **75,115** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **3,856,323** | **6,966,305** |

**Pádraig Daltún**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

28 Marta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 36,080 | 36,391 |
| Neamhphá | | 10,189 | 40,166 |
| **Ollchaiteachas** | | **46,269** | **76,557** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,542** | **1,442** |
| **Glanchaiteachas** | | **44,727** | **75,115** |
| | | | |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (1,019) | | |
| Dímheas | 4,444 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 3 | | |
| Coigeartuithe (nóta 2.2) | 103 | | |
| | | 3,531 | 4,932 |
| | | | |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 181 | | |
| Laghdú ar stoc | 9 | | |
| | | 190 | (219) |
| **Caiteachas díreach** | | **48,448** | **78,245** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 7,718 | 6,868 |
| Measchíosanna | | 1,568 | 1,568 |
| **Costas chláir ghlan** | | **57,734** | **86,681** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas faoi Vóta 4 a iompraíodh in áit eile.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,760 | 1,726 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Líuntais Scoir | 4,796 | 3,905 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,057 | 1,143 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 105 | 94 |
| | **7,718** | **6,868** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 7,239 | 10,680 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 327 | 419 |
| Stoic | 2.4 | 43 | 52 |
| Réamhíocaíochtaí | | 781 | 841 |
| Ioncam fabhraithe | | 313 | 424 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 328 | 344 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 807 | 693 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,599** | **2,773** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 427 | 327 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 1,462 | 1,457 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,889** | **1,784** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 710 | 989 |
| **Glansócmhainní** | | **7,949** | **11,669** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **7,949** | **11,669** |

### 2.1 Cuntas maoiniú stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 11,669 | 14,799 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 48,584 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (3,856) | | |
| Vóta glan | | | 44,728 | 75,115 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | | | 7,718 | 6,868 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | | | 1,568 | 1,568 |
| Costas chláir ghlan | | | (57,734) | (86,681) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **7,949** | **11,669** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil faoi fhorbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 34 | 64,706 | 3,465 | 1,841 | 70,046 |
| Coigeartuithe[1] | — | (22) | — | (99) | (121) |
| Breiseanna | — | 597 | — | 512 | 1,109 |
| Diúscairtí | — | (876) | (41) | — | (917) |
| Curtha in úsáid | — | 1,996 | — | (1,996) | — |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 34 | 66,401 | 3,424 | 258 | 70,117 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 34 | 56,065 | 3,267 | — | 59,366 |
| Dímheas don bhliain | — | 4,401 | 43 | — | 4,444 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (873) | (41) | — | (914) |
| Coigeartuithe[1] | — | (18) | — | — | (18) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017 | 34 | 59,575 | 3,269 | — | 62,878 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **—** | **6,826** | **155** | **258** | **7,239** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | — | 8,641 | 198 | 1,841 | 10,680 |

[1]Baineadh fearas oifige a chosain €21,869 (glanluach €4,374 de réir na leabhar) de na sócmhainní caipitil toisc é a bheith caipitlithe faoi dhó in 2014. Ina theannta sin, chuaigh trí thionscadal forbartha TF intí le luach iomlán de €99,007 in éag i rith 2017. Níl aon obair forbartha eile beartaithe ar na tionscadail seo.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ghinearálta | 245 | 398 |
| Iarmhéid chuntas bhainc thráchtála | 81 | 19 |
| Mionairgead | 1 | 2 |
| | **327** | **419** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 33 | 38 |
| Ábhar inchaite TF | 10 | 14 |
| | **43** | **52** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costas tuarastail in-fhorchúitithe | 170 | 205 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 19 | 16 |
| Scéim pas taistil in-fhorchúitithe | 17 | 30 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 122 | 93 |
| | **328** | **344** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 564 | 539 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 391 | 388 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 8 | 1 |
| Cáin Bhreisluacha | 35 | 7 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 94 | 124 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 133 | 149 |
| | 1,225 | 1,208 |
| Asbhaintí den phárolla á gcoinneáil ar fionraí | 188 | 241 |
| Iarmhéideanna credimheasa eile ar fionraí | 49 | 8 |
| | **1,462** | **1,457** |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 3,856 | 6,966 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,663) | (7,659) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **(807)** | **(693)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 327 | 419 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 328 | 344 |
| | 655 | 763 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,225) | (1,208) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (237) | (248) |
| | (1,462) | (1,456) |
| | **(807)** | **(693)** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 5,083 | 1,779 |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe le dlí | **5,083** | **1,779** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán de dhliteanais aibithe | **25** | **5** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an caiteachas vóta go léir mar chaiteachas riaracháin. Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athraithe suntasacha (+/- 25% agus dar luach €100,000).

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | 38,983 | 36,080 | 36,391 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,035 | 1,348 | 1,245 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,142 | 1,439 | 2,553 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,039 | 797 | 1,767 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TFC seachtracha | 4,203 | 3,907 | 6,312 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,173 | 1,057 | 845 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 511 | 69 | 19 |
| viii | Bailiú staitisticí[1] | 1,886 | 1,572 | 27,425 |
| | | **49,972** | **46,269** | **76,557** |

[1] Bhí toradh níos mó i 2016 toisc oibríochtaí allamuigh Dhaonáireamh 2016.

*i.* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €38.983 milliún, toradh: €36.080 milliún

Is éard a ba chúis leis an gcoigealtas €2.903 milliún de chaiteachas ar thuarastail, phá agus liúntais ná bunús an mheastacháin ar líon foirne de755. 736 ab ea an meánlíon foirne le linn 2017, ach d'athraigh sé idir uaslíon de 793 i mí Eanáir agus íoslíon de 710 i mí Aibreáin. Bhí moill ann folúntais ag leibhéal staitisteora agus i ngráid teicniúla TF a líonadh agus an margadh earcaíochta an-iomaíoch faoi láthair fad is a bhaineann sé le staitisteoirí agus gairmithe TF.

*ii.* *Taisteal agus cothú*

Soláthar mheastacháin: €1.035 milliún, toradh: €1.348 milliún

Bhí caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil €0.313 milliún níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis, go príomhá de bhar earcaíocht méadaithe ag grád an Staitisteora i rith 2017. Níor tógadh na costais taistil agus cothabhála a bhain le hearcaíocht méadaithe san aireamh i gceart sa soláthar mheastacháin a iarradh do 2017, rud a chur le róchaiteachas don bhliain. Bhain móramh an chaiteachas ar thaisteal le taisteal intíre atá riachtanach mar chuid de shuirbhéanna an POS. I gcás 2017, b'ionann an caiteachas seo agus €0.953 milliún (méadú 7% ar 2016). Bhí costais taistil coigríche de €0.395 milliún ann in 2017 (méadú 8% ar 2016) agus bhain an taisteal riachtanach seo go príomha le hionadaíocht ag cruinnithe AE.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €1.142 milliún, toradh: €1.439 milliún

Is éard a ba chúis leis an méadú €0.297 milliún de chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha ná caiteachtas méadaithe ar oiliúint agus forbairt a bhaineann le TF dar luach €0.121 milliún agus chostas dlí aonuaire dar luach €0.086 milliún a bhain le comhlíonadh Suirbhéanna POS a tugadh chun críche i 2017. Bhí gá leis an oiliúint TF mar gheall ar earcú foirne nua.

vii *Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe*

Soláthar mheastacháin: €0.511 milliún, toradh: €0.069 milliún

Is éard a ba chúis leis an laghdú de €0.442 milliún ná an próiseas leanúnach chun athrú suntasach a chur i bhfeidhm i gCóras Staidrimh na hÉireann le linn 2017. Mar gheall ar an scála athraithe, rinneadh an soláthar comhairleoireachta i 2017 do riachtanais réamh-mheasta a d'fhéadfadh teacht chun cinn i rith na bliana. Mar a tharla, ní raibh riachtanais ann ar an scála a bhíothas ag súil leis.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ón Aontas Eorpach | 130 | 277 | 1 |
| 2. | Ilghnéitheach | 70 | 70 | 41 |
| 3. | Fáltais de bharr asbhaintí pinsean-ghaolmhara as luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,188 | 1,195 | 1,400 |
| | **Iomlán** | **1,388** | **1,542** | **1,442** |

**Athraithe suntasacha**

Bhí €0.154 milliún breise de leithreasaí-i-gcabhair ná mar a bhí tuartha ar an iomlán,

Tá an míniú maidir leis an athraithe leagtha amach thíos:

*1* *Fáltais ón Aontas Eorpach*

Soláthar mheastacháin: €0.130 milliún, toradh: €0.277 milliún

Bhí méadú de €0.147 milliún toisc maoiniú AE dar luach €0.253 milliún a fuarthas i mí na Nollag 2017 de bhun ráiteas ar chostais a eisíodh i lár na bliana ar chonradh praghsanna. Déantar íocaíochtaí tar éis don POS na torthaí a chur isteach agus braitheann siad ar ghlacadh Eurostat leis gur torthaí sásúla atá tugtha. Braitheann cistí ó Eurostat ar an oiread maoiniú a bhíonn le dáileadh ag an eagraíocht sin in aon bhliain. Bíonn sé deacair tuar cruinn a thabhairt ar cathain gur féidir a bheith ag súil le méideanna dlite a fháil mar gheall air seo.

# Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

## 5.1 Líon fostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (cobhéisigh lánaimseartha) | **737** | **799** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 33,371 | 33,650 |
| Liúntais le haghaidh dualgais arda, speisialta nó bhreise | 110 | 119 |
| Liúntais eile | 79 | 87 |
| Ragobair | 68 | 83 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,452 | 2,452 |
| **Pá Iomlán** | **36,080** | **36,391** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2017 | 2016 |
| | | | € | € |
| Dualgais arda, speisialta nó bhreise | 45 | — | 7,522 | 7,820 |
| Ragobair agus tinrimh breise | 23 | 1 | 15,059 | 13,672 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 12 | — | 9,007 | 8,112 |
| Ilghnéitheach | 1 | — | 6,961 | 11,440 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 16 | 3 | 22,266 | 21,119 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

Bhí ró-íocaíochtaí de €107,083 ann ag deireadh na bliana i leith 89 gcás (2016: €90,026, 31 chás). Tá pleananna aisghabhála bhfeidhm maidir le €47,392 astu seo.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Tacaíocht do dhícheall staidrimh

Bhronn an Oifig duais airgid de €3,210 in 2017 mar chuid den seachtú comórtas Bhonn Staidrimh John Hooper. Bhí an comórtas seo oscailte do dhaltaí dara leibhéal den tsraith shinsearach.

## 6.2 Maoiniú AE

Faigheann an Oifig maoiniú maidir le tionscadal/suirbhéanna a reáchtáltar thar ceann Eurostat. Le linn 2017, fuair an POS ioncam ón AE dar luach €277,000 a aithníodh mar leithreasaí-i-gcabhair. Áirítear sa mhéid sin ioncam dar luach €253,000 maidir le conradh um phaireacht costais cheannaigh lena n-éascaítear comparáid idir praghsanna príomhchathracha agus suim eile de €23,000 maidir le conradh um seachadadh sonraí TF. Gearradh móramh an chaiteachais ar fhotheideal A1 i 2017 nó i mblianta roimhe sin.

## 6.3 Costais cúitimh agus dlí

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí íoctha ag an Oifig** | **Costais dlí bronnta** | **Cúiteamh bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag:** | | | | | | |
| Fostaithe | 1 | 2 | 3 | 15 | 20 | 51 |
| Eagraíochtaí seachtracha | 1 | — | 86 | — | 86 | — |
| | | **2** | **89** | **15** | **106** | **51** |

## 6.4 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais eascairt astu, ag brath ar thorthaí na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú aon dhliteanas féideartha éiginnte faoi láthair.